**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2023/2129(DEC)**

24.11.2023

# DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – An Coimisiún (2023/2129(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Antoni Comín i Oliveres

# MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an méadú atá ag teacht ar líon na ngéarchéimeanna ar fud an domhain agus an bhearna is airde riamh sa chistiú daonnúil; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil brú as cuimse ar an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) - An Eoraip Dhomhanda agus nach leor í chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ann cheana;

2. ag tabhairt dá haire gurbh í 2022 an chéad bhliain iomlán de chur chun feidhme na straitéise *Global Gateway*; á chur i bhfios go láidir nach mór gníomhaíochtaí lena dtugtar le chéile infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a bheith bunaithe ar chuspóirí forbartha i gcónaí; á iarraidh go mbeadh níos mó trédhearcachta ann agus go mbeadh an Pharlaimint rannpháirteach i roghanna straitéiseacha a bhaineann le cistí an Aontais; á áitiú gur cheart go n-ailíneodh *Global Gateway* nár cheart go n-ailíneodh Global Gateway le leasanna AE amháin ach le riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta freisin agus go gcabhródh sé le SDGanna a bhaint amach;

3. á chur i bhfios go láidir gur gá dlús a chur le dul chun cinn maidir le spriocanna caiteachais ICFCI-na hEorpa Domhanda a bhaint amach le haghaidh forbairt dhaonna, an chomhionannais inscne agus cuspóirí aeráide; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, go háirithe, cumas an Choimisiúin a áirithiú go mbainfear sprioc aeráide na hIonstraime amach agus á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíochtaí nithiúla lena leagfaí amach an chaoi a mbainfí an sprioc aeráide amach;

4. á chur in iúl gur mór aici ról na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla agus na gcomhpháirtithe áitiúla i soláthar seirbhísí; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar a gcumas gníomhaíochtaí atá maoinithe ag AE a bhainistiú agus a chur chun feidhme agus á iarraidh ar an gCoimisiún oiliúint leormhaith a éascú i dtreo na sprice sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na dúshláin leanúnacha atá roimh eagraíochtaí neamhrialtasacha beaga áitiúla chun rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas;

5. á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag an gcúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA); á iarraidh go mbeadh cur chuige cúramach ann maidir le meascadh agus comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha i réimsí amhail oideachas nó sláinte;

6. á chur in iúl gur geal léi cinneadh na tuarascála ó CIE maidir le buiséad an Aontais do 2022 gur chuir AS ECHO moladh CIE chun feidhme agus gur bhunaigh sé nós imeachta lena n-áirithítear go mbunaíonn eagraíochtaí comhpháirtíochta a leithdháileadh de chostais chomhroinnte ar an gcaiteachas a thabhaítear go hiarbhír.